Coimriú ar

Bhearta Buiséid 2013

Athruithe Beartais

Coimriú ar Bhearta Buiséid 2013
Athruithe Beartais

Clár

Bearta Cánachais	Uimh. Leath. A.5
Cáin Ioncaim	A.5
An Muirear Uilíoch Sóisialach	A.5
ÁSPC	A.5
Cáin Ioncaim Eile	A.5
Faoisimh agus Díolúintí	A.6
Cáin Maoine Áitiúil	A.6
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	A.7
Dleachtanna Máil	A.8
Cáin Chorparáideach	A.8
Iontaobhais Infheistíochta Réad-Mhaoine	A.9
CBL	A.10
Pinsin Fhorlíontacha	A.10
Cáin ar Fháltais Chaipitiúla	A.11
Cánachas Feirmeora	A.11
Cáin ar Choigiltis	A.11
US Foreign Account Tax Compliance Act (FATCA)	A.12

Bearta Cánachais le tabhairt isteach in 2013

Beart	Teacht Isteach/Costas 2013	Teacht Isteach / Bliain Iomlán
CÁIN IONCAIM		
Le héifeacht ó 1 Iúil 2013 gearrfar cáin ar éilitheoirí Sochar Máithreachais	+€15m	+€40m
Ní bheidh faoiseamh i leith Ard-Saothróirí ar fáil ó 1 Eanáir 2013 ar chnap shuimeanna i leith iomarcaíochta agus scoir nuair is €200,000 nó níos mó an íocaíocht neamh-reachtúil	nil	+€10m
MUIREAR UILÍOCH SÓISIALACH		
Le héifeacht ó 1 Eanáir 2013 bainfidh na rátaí caighdeánacha leo siúd atá 70 blian d'aois agus ós a chionn a thuilleann €60,000 nó breis, agus sealbhóirí cártaí leighis (saothróirí ioncaim ÍMAT/féinfhostaithe)	+€25m	+€38m
ÁSPC		
An liúntas seachtainiúil ÁSPC a bhaint ó ranníocóirí lánráta ÁSPC agus an ráta modhnaithe ÁSPC.	+€265m	+€289m
Méadú ar an íosranníocaiocht ÁSPC bhliantúil i gcás saothróirí féinfhostaithe ó €253 go €500.	+€13m	+€18m
Cealú ar an díolúine blocála ÁSPC ar ioncam ó cheird nó gairm le héifeacht ó 1 Eanáir 2013 i leith ranníocóirí ar ráta modhnaithe. Le héifeacht ó 1 Eanáir 2014 cealófar an díolúine blocála atá fágtha.	+€8m	+€32m
CÁIN IONCAIM EILE		
Asbhaint ar Thuillimh Eachtracha Síneadh ar an Asbhaint ar Thuillimh Eachtracha i leith taistil um fhostaíocht chuig tíortha áirithe san Aifric	-€0.5m	-€0.5m
Tabhartais Carthanachta Simpliú ar an scéim faoisimh cánach atá ar fáil do thabhartais do chuideachtaí carthanachta agus do chuideachtaí ceadaithe eile le ráta cumaisc faoisimh de 31% san áireamh. Mionsonraí ar fáil in Aguisín E	-	-
Sochar comhchineáil as Iasachtaí tosaíochta Méadú ó 12.5% go 13.5% sa sainráta úis a úsáidtear chun an sochar inchánach ó iasachtaí tosaíochta, seachas iasachtaí tí a		

ríomh. Athbhreithnitear sainrátaí úis go bliantúil i gcóthéacs na rátaí reatha úis sa mhargadh. Tá an glantoradh sealadach.	+€1m	+€1m
Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI) Sín an DFI ó 2014 go 2020 faoi réir imréiteach um Chúnamh Stáit	-	-€25m (ó 2014)
FAOISIMH AGUS DÍOLÚINTÍ **Faoiseamh Scannánaíochta** An Scéim Faoisimh Cánach Scannánaíochta a shíneadh go 2020. Feidhmiú na scéime a leasú trí bhogadh go múnla creidmheasa cánach in 2016 d'fhonn luach níos fearr ar airgead cáin-íocóirí a chinntiú. Bain infheisteoirí aonair as an scéim agus dean an scéim a mhaisiú ionas go mbeidh Éire níos tarraingtí do lucht eachtrach scannaíochta agus teilifíse.	-	+€20m (ó 2016)
EARNÁIL EITLÍOCHTA **Liúntas Caipitil Luathaithe** Feidhmeoidh scéim luathaithe liúntais caipitil thar seacht mbliana maidir le saoráidí áirithe saineitlíochta a thógáil. Mairfidh an scéim ar feadh 5 bliana óna tús. Cuirfear srianta ar liúntais caipitil imeallacha neamhúsáidte, i leith ioncaim eile. Nuair a fhaigheann an tInfheisteoir ioncam cíosa ó na saoráidí nó nuair nach páirtnéir nó trádálaí gníomhach é/í, ní bheidh aon díolúine ón gcóras reatha chun deireadh a chur le cailliúintí áirithe a bhaineann le liúntais chaipitil atá fós gan úsáid tar éis saolré cánach an fhoirgnimh a thabhairt ar aghaidh.	-	-
CÁIN MAOINE ÁITIÚIL Ar 1 Iúil 2013 tosófar ar an gCáin Maoine Áitiúil a bhailiú (CMÁ). Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanfaidh an cháin CMÁ a riaradh. In 2013 beidh CMÁ leath bhliana iníochta. Gearrfar cáin Lánbhliana sna blianta dár gcionn. Gearrfar cáin de 0.18% den mhargadh-luach suas go €1 milliún. Gearrfar ráta de 0.25% ar aon luach breise ós cionn €1m. Tá an ráta de 0.18% socair do shaolré an Rialtais ach ó 2015 beidh deis ag udaráis áitiúla athrú idir +/-15% den ráta a fheidhmiú ar bhonn "cinnidh áitiúil". Le héifeacht ó 1 Eanáir 2013 beidh deireadh leis an Muirear Teaghlaigh. Ó 1 Eanáir 2014 beidh deireadh leis an Muirear um Cónaí Príobháideach Neamhphríomha (CPN) Bainfidh riaráistí neamhíoctha, mar aon le haon ús agus	+€250m*	+€500m*

píonóis fabhraithe, mar mhuirear ar an Maoin lena bhaineann. Tá mionsonraí ar na rátaí le fáil in Aguisín B. *Glan ar mhéideanna iarchurtha measta de 15% a fhabhróidh don Rialtas Ginearálta		
CÁIN AR GHNÓTHACHAIN CHAIPITIÚLA Tá méadú ar an ráta reatha ó 30% go dtí 33%. Baineann an méadú seo le diúscairtí a dhéanfar i ndiaidh 5 Nollaig 2012. **Forálacha um ús iompartha** Athbhreithniú ar fhorálacha um ús iompartha sa chód cánach d'fhonn leasú cuí chun socruithe a fheidhmiú de réir mar a bhí beartaithe. Is é cuspóir a bheadh le haon leasú ná cuidiú le cuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí nuála teacht ar infheistíocht ó chistí caipitil fiontraíochta. **Faoiseamh i leith Athstructúrú Feirme** D'fhonn athstruchtúrú feirme a chumasú, beidh faoiseamh ar fáil nuair a ath-infheistítear na fáltais de thoradh thalamh feirmeoireachta a dhíol chun na críche céanna. Caithfear an talamh feirmeoireachta a dhíol agus a cheannach laistigh de thréimhse 24 mhí dá chéile agus ní mór don chéad idirbheart díola nó ceannaigh tarlú laistigh den tréimhse dár thús 1 Eanáir 2013 agus dár chríoch 31 Nollaig 2015. Bainfidh an faoiseamh freisin le tailte feirmeoireachta a mhalartaítear ar a chéile faoi réir dearbhú ó Theagasc i gcás gach idirbheart a lorgaíonn faoisimh. Tá tús an fhaoisimh faoi réir cheadú an AE um Chúnamh Stáit.	+€50m - -€3m	+€51m - -€5m

DLEACHTANNA MÁIL **Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF)** Le héifeacht ó 1 Eanáir 2013 ardófar rátaí CCF. Tá mionsonraí ar na rátaí leasaithe le fáil in Aguisín C.	+€50m	+€50m
Mótarcháin Le héifeacht ó 1 Eanáir 2013 méadófar rátaí mótarcánach i gcás chuile chatagóir. Tá mionsonraí ar na rátaí leasaithe le fáil in Aguisín C.	+€100m	+€100m
Cáin ar Tháirgí Alcóil Méadofar de 10c (CBL san áireamh) an dleacht mháil ar phionta beorach nó ceirtlise agus ar mhiosúr caighdeánach biotáille; méadófar de €1 (CBL san áireamh) an dleacht ar bhuidéal fíona 75cl le méaduithe dá réir ar tháirgí eile. Beidh éifeacht ag na méaduithe seo ó mheánoíche ar 5 Nollaig 2012.	+€180m	+€180m
Cáin ar Tháirgí Tobac Le héifeacht ó mheánoíche 5 Nollaig 2012, ardófar de 10c (CBL san áireamh) an dleacht mháil ar bhosca 20 toitín, le méadú dá réir ar tháirgí eile tobac. Méadófar an dleacht mháil ar thobac-féin-rollta de 50c ar spaga 25g le héifeacht ó mheánoíche 5 Nollaig 2012.	+€25m	+€25m
Cáin Charbóin Sínfear an cháin charbóin i leith breoslaí soladacha ar bhonn céimnithe. Le héifeacht ó 1 Bealtaine 2013 gearrfar ráta de €10 an tona agus ó 1 Bealtaine 2014 gearrfar ráta de €20 an tona.	+€6m	+€22m
Faoiseamh ar an dleacht mháil i leith díosal-charr do tharlóirí ceadúnaithe bóthair Le héifeacht ó 1 Iúil 2013 tabharfar isteach Faoiseamh ar an dleacht mháil i leith díosal-charr do tharlóirí ceadúnaithe bóthair. Faoi Rialacha Cúnaimh Stáit caithfidh Éire Coimisiún an AE a chur ar an eolas.	-€35m	-€70m
CÁIN CHORPARÁIDEACH **Faoiseamh Cánach 3 bliana le haghaidh Cuideachtaí Nuathionscanta** Soláthraíonn an scéim seo faoiseamh ó cháin chorparáideach ar ioncam trádála (agus ar ghnóthachain chaipitil áirithe) do chuideachtaí nuathionscanta sa chéad 3 bliana trádála.	Nil	-€10m

Tá síneadh á chur ar an bhfaoiseamh seo d'fhonn aon fhaoiseamh nár úsáideadh sa chéad trí bliana trádála de bharr easpa brabúis a thabhairt ar aghaidh do na blianta dar gcionn. Tá sé seo faoi réir uasmhéid faoisimh in aon bhliain nach mó é ná méid an ÁSPC Fostóra atá incheadaithe den bhliain sin. **Creidmheas Cánach T&F** Faoin réimeas creidmheas cánach T&F ceadaítear creidmheas cánach de 25% do chaiteachas breiseach i leith gníomhaíochtaí taighde agus forbairt ar chaiteachas den chineál seo i mbonnbhliain (2003) De réir an Acht Airgeadais 2012, ceadaítear don chéad €100,000 do chaiteachas leas a bhaint as an gcreidmheas cáineach gan tagairt do tháirseach 2003. Tá suim an chaiteachais a cheadaítear ar bhonn méide á ardú go €200,000. Athbhreithnófar an réimeas Creidmheas Cánach T&F in 2013. **Leasú ar an bhFormhuirear i leith dlúthchuideachtaí** Tá méadú ó €635 go €2,000 á dhéanamh ar an méid *de minimis* de ioncaim infheistíochta agus cíosa neamh-dháilte ar féidir le dlúthchuideachta a choinneáil gan dul i mbaol formhuirir ar an ioncam sin. Tá méadú den sort céanna á dhéanamh maidir leis an bhformhuirear ar inocam neamh-dháilte trádála nó gairmiúla i gcás cuideachtaí áirithe seirbhíse. Cabhróidh an beart seo le streabadh ioncaim na gcuideachtaí trí mhéid an ioncaim ar féidir le cuideachta a choinneáil mar chaipiteal oibre a ardú gan dul i mbaol formhuirir.	-€4m -€1m	-€4m -€1m
IONTAOBHAS INFHEISTÍOCHTA UM EASTÁIT RÉADACHA (IIER) Tabharfar isteach múnla le haghaidh infheistíocht/maoine atá bunaithe agus aitheanta go hidirnáisiúnta - Iontaobhas Infheistíochta Um Eastáit Réadacha (IIER) Díolmhófar ioncam agus gnóthachain incháilithe IIER ó cháin chorparáide ag leibhéal an chuideachta IIER. Ina ionad sin, tá ar an IIER brabús a dháileadh go bliaintiúil i leith cánachais ag leibhéal infheisteora. Cuimseofar lánsonraí an bhirt sa Bhille Airgeadais. San áireamh beidh gnéithe d'fhonn cearta cánachais an Stáit a chaomhnú i leith maoin do-chorraithe Éireannach. Braithfidh costas an bhirt seo ar ghlacadh mhúnla an IIER ag infheisteoirí.	-€2m	-€14m

CBL **Méadú ar Thairseach Cuntasaíochta Airgid CBL** Le héifeacht ó 1 Bealtaine 2013, méadófar ó €1m go €1.25m an tairseach ar bhonn fáltais bhliantúla airgid tirim CBL do fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Cabhróidh an t-athrú seo le gnólachtaí den chineál seo sa réimse barrtháibhachtach um shreabhadh airgid agus laghdófar riarachán. **Laghdófar Breisiú Ráta Comhréidh na bhFeirmeoirí ó 5.2% go 4.8%** Le héifeacht ó 1 Eanáir 2013, laghdófar Breisiú Ráta Comhréidh na bhFeirmeoirí ó 5.2% go 4.8%. Cúitíonn an scéim comhréidh le feirmeoirí nach bhfuil cláraithe don CBL a thabhaigh siad ar a n-ionchurthaí feirmeoireachta. De réir treoir CBL an AE déantar athbhreithniú bliantúil ar an ráta comhréidh breise. Ciallaíonn an ráta nua de 4.8% gur féidir le feirmeoirí cúiteamh iomlán a bhaint amach.	-€20m +€18m	nil +€21m
PINSIN FHORLÍONTACHA **Teacht ar Ranniocaíochtaí Breise Deonacha Maoinithe** Tabharfar deis aon uaire do dhaoine aonair an rogha a dhéanamh suas le 30% de luach na Rannaíochta Saorálaí Breise maoinithe chun críche sochair scoir, a aistarraingt. Beidh aistarraingtí faoi réir cánach ar ráta cánach imeallach an duine féin. Beidh an rogha aistarraingte ar fáil ar feadh trí bliana ó achtú an Bhille Airgeadais 2013. *Glac le €200m ina iomláine mar mheastachán thar thréimhse 3 bliana. **Athruithe ar an uasmhéid incheadaithe i leith ciste pinsin** Cuirfear i bhfeidhm in 2014 athruithe d'fhonn uasmhéid incheadaithe an chiste pinsin ag am scoir chun críche cánach (Tairseach Caighdeánach Ciste) agus athruithe féideartha eile chun éifeacht a thabhairt don tiomantas sa Chlár Rialtais fordheontais cáiníocóirí a theoranú i gcás scéimeanna pinsin a sheacadann ioncaim-pinsin níos airde ná €60,000. Tá na coigiltis measta i mbliain iomlán sealadach um an dtaca seo toisc go bhfuil mion-ainilís breise ag teastáil ar na hathruithe is gá agus ar a dtionchar.	+€100m - -	-* +€250m

CÁNACHAS AR FHÁLTAIS CHAIPITIÚLA Tá an ráta reatha de 30% á ardú go 33%. Baineann an t-ardú seo le bronntanais nó oidhreachtaí a fuarthas i ndiaidh 5 Nollaig, 2012. Tá laghdú de 10% á dhéanamh ar an ghrúpa reatha de tháirseacha atá saor ó cháin. Baineann an laghdú seo le bronntanais nó le hoidhreachtaí a thógfar i ndiaidh 5 Nollaig, 2012.	+€20m +€10m	+€27m +€15m
CÁNACHAS FEIRMEORA **Faoiseamh Stoic** Sín an ráta ginearálta faoisimh stoic de 25% ar feadh trí bliana eile go 2015 **Faoiseamh Stoic i leith Feirmeoirí Óga Traenáilte (FÓT)** Sín an ráta faoisimh stoic de 100% i leith FÓT ar feadh trí bliana eile go 2015. Faoi réir imréiteach an AE um Chúnamh Stáit. **Faoiseamh Stoic do Chomhpháirtíochtaí cláraithe feirme** Leathnaigh sainmhíniú ar chomhpháirtíocht chláraithe feirme chun comhpháirtíochtaí cláraithe eile a chuimsiú, leithéidí táirgeadh mairteola, chun críche an ráta stoic de 50%. Faoi réir imréiteach an AE um Chúnamh Stáit.	- - -	- - -
CÁIN AR CHOIGILTIS **Cáin Coinneála ar Ús Cuntas Taisce agus Cánachas scortha ar Pholasaithe Árachais Saoil agus ar Chistí infheistíochta** Méadófar de 3 phointe faoin gcéad an ráta cánach coinneála a bhaineann le hús taisce mar aon leis na rátaí cánach scortha a bhaineann le polasaithe árachais saoil agus le cistí infheistíochta. Dá bharr sin, is í 33% an ráta ar íocaíochtaí a dhéantar uair sa bhliain nó níos minice agus 36% ar íocaíochtaí a dhéantar níos ainnimhe ná uair sa bhliain. Bainfidh na rátaí arduithe agus íocaíochtaí measta san áireamh le híocaíochtaí a dhéanfar ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.	+€50m	+€64m

COMHAONTÚ IDIR ÉIRE AGUS STÁT AONTAITHE MHEIRICEÁ D'FHONN COMHLÍONADH CÁNACH IDIRNÁISIÚNTA A THREISIÚ AGUS FATCA A FHEIDHMIÚ Tá Éire ar cheann de na chéad tíortha a chomhlánaigh Comhaontú Idir-Rialtais leis na Stáit Aontuithe d'fhonn comhlíonadh cánach idirnáisiúnta a threisiú agus FATCA a fheidhmiú. Forálann an comhaontú uath-thuairisciú agus uath-mhalartú faisnéise idir udaráis cánach na hÉireann agus SAM maidir le cuntas airgeadais ag pearsain de chuid SAM i bhForais Airgeadais Éireannacha agus a chomhalartú faisnéise maidir le cuntais airgeadais SAM ag daoine a chónaíonn in Éirinn. Cuideoidh an comhaontú seo le cosc a chur ar imghabháil idirnáisiúnta cánach. Soláthróidh luath-chomhlánadh an chomhaontaithe cinnteacht agus soiléire do fhorais airgeadais Éireannacha agus cabhróidh sé leo maidir lena ndualgais comhlíonta a shásamh. Tá sé i gceist go bhfoilseofar an reachtaíocht ábhartha sa Bhille Airgeadais.	nil	nil